



# CORPOIDEACHAS

## Naíonáin: Aonad Oibre Samplach 2

## Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta

## Snáithaonad: Treodóireacht






An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Treodóireacht

**TAFF: ní a aimsiú in achar teoranta de chlós na scoile tar éis leideanna simplí a bheith tugtha.**



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

Naíonáin
Corpoideachas
Ceacht 2

F C Á T 2

# Dánta & Rainn

Is féidir iad seo a mhúineadh mar ullmhúchán nó mar athneartú ar an teanga riachtanach

**Gníomhamhrán**
**Tá mé ag siúl (Briathra)**

Tá mé ag siúl,
Tá mé ag siúl,
Hé hó mo Dhaidí ó
Tá mé ag siúl

Tá mé ag léim
Tá mé ag léim
Hé hó mo Dhaidí ó
Tá mé ag rith

Tá mé ag rith
Tá mé ag rith
Hé hó mo Dhaidí ó
Tá mé ag rith

Tá mé ag scipeáil
Tá mé ag scipeáil
Hé hó mo Dhaidí ó
Tá mé ag scipeáil



*(Bróga Nua - lch 21)*

**Rann: Cad atá sa bhosca?**

Múintear véarsa amháin ag an am le cabhair phictiúrtha. De réir a chéile, déanann na páistí véarsaí a rá nuair a thaispeántar pictiúr dóibh mar leid



Cad atá sa bhosca,
Sa bhosca, sa bhosca?
Cad atá sa bhosca,
Sa bhosca trom buí?



Tá liathróid sa bhosca,
Sa bhosca, sa bhosca,
Tá liathróid sa bhosca,
Sa bhosca trom buí

*Bain úsáid as pictiúr de na rudaí atá in úsáid agat don cheacht m.sh. fonsa, pónaireán, cón, raicéad leadóige

**Cluiche: Cad atá sa mhála?**

Rann: Cuir lámh isteach
Pioc amach ....
Sin __________,
Tá sé __________




Cuir bréagáin bheaga nó pictiúir bheaga de chóin, pónaireáin, fonsaí, liathróidí, agus raicéid isteach sa bhosca. Iarr ar dhuine amháin teacht anuas, a shúile a dhúnadh agus rud amháin a phiocadh amach. Beidh orthu an rann a rá ag an am céanna agus an pictiúr nó rud a ainmniú.

**Gníomhamhrán – Taobh le chéile**

Taobh le chéile deas
Taobh le chéile clé
Taobh le chéile deas is clé
Taobh le chéile chéile (x2)
La la la la la la la
La la la la la la (x2)

Spreag an Ghaeilge le Spraoi (COGG)
https://www.youtube.com/watch?v=R3w4M5TeTd4

**Smaointe don seomra ranga:**

**Le múineadh: Bun agus Barr**

1.Cuir teidí ina shuí ag bun an chláir bháin agus abair *"Cá bhfuil teidí?" "Tá teidí ag bun an chláir bháin"*. Déan aithris air seo le barr an chláir bháin.

2. Oscail do leabhar – cad atá ag barr an leathanaigh?/Cad atá ag bun an leathanaigh?

**Le múineadh: Dathanna**

Taispeáin na dathanna difriúla don rang. Abair iad agus tabhair deis do na páistí iad a chleachtadh.

Is féidir leat cluiche BIONGÓ nó SNAP a imirt leo chun cleachtadh a dhéanamh ar na dathanna. Imir an cluiche 'Taispeáin dom'. "Taispeáin dom rud gorm sa seomra ranga". Díríonn na páistí a méara ar rud gorm sa seomra ranga.

Oide

# Dul Siar: Smaointe don seomra ranga:



Le múineadh: Bun agus Barr

1.Cuir teidí ina shuí ag bun an chláir bháin agus abair "Cá bhfuil teidí?" "Tá teidí ag bun an chláir bháin". Déan aithris air seo le barr an chláir bháin.

2. Oscail do leabhar – cad atá ag barr an leathanaigh?/Cad atá ag bun an leathanaigh?

Le múineadh: Dathanna

Taispeáin na dathanna difriúla don rang. Abair iad agus tabhair deis do na páistí iad a chleachtadh. Má tá an rang réidh cuir dath nua (corcra) isteach freisin.

Is féidir leat cluiche BIONGÓ nó SNAP a imirt leo chun cleachtadh a dhéanamh ar na dathanna.

Imir an cluiche 'Taispeáin dom'. "Taispeáin dom rud gorm sa seomra ranga". Díríonn na páistí a méara ar rud gorm sa seomra ranga.

Cá bhfuil teidí?

Tá teidí ag bun an chláir bháin

Taispeáin dom rud éigin gorm sa rang?

# Cad atá sa bhosca?

Réamh-mhúineadh don chluiche: Beir Greim Air

Is féidir an rann Cad atá sa Bhosca? a mhúineadh sa seomra ranga mar ullmhúchán.

Rann: Taispeáin na gnáthrudaí: fonsa, liathróid, cón, bosca, raicéad agus pónaireán/mála pónairí don rang.

Déan an liathróid a shonrú. Abair 'Is liathróid í...Is liathróid í!'

Ansin tóg an fonsa: Taispeáin an fonsa don rang. Abair "Is fonsa é.....Is fonsa é". Lean ar aghaidh ag léiriú gach rud leis an bhfoclóir nua. Anois tóg an bosca agus cuir an liathróid isteach ann. Cuir an cheist; "Cad atá sa bhosca? Abair "Tá liathróid sa bhosca" Múin an véarsa iomlán agus iarr ar na páistí é a rá arís is arís go dtí go bhfuil an véarsa uilig á rá acu. Léirigh agus cleachtaigh na ceithre véarsa eile ar an gcaoi chéanna.




Nod Gramadaí don Mhúinteoir maidir le hInsnce na nAinmfhocal.

liathróid
(bain) Is ___ í

fonsa, cón, bosca, raicéad, pónaireán, mála
(fir) Is ____ é.

Is pónaireán é!
Ní cón é! (Crith do cheann)
Is raicéad é! Raicéad leadóige!

Tá raicéad sa bhosca,
sa bhosca,
sa bhosca.
Tá raicéad sa bhosca,
sa bhosca trom buí.

Cad atá sa bhosca?

Meas sibh, cad atá sa bhosca seo?



# Cad atá sa bhosca?

Cad atá sa bhosca,
Sa bhosca, sa bhosca?
Cad atá sa bhosca,
Sa bhosca trom buí?



Tá liathróid sa bhosca,
Sa bhosca, sa bhosca,
Tá liathróid sa bhosca,
Sa bhosca trom buí





Cad eile atá sa bhosca?
Tá raicéad sa bhosca.
Is raicéad leadóige é.

Tá pónaireán sa bhosca.

Tá cón sa bhosca. Cén dath atá air?
Tá sé dearg.

Tá fonsa sa bhosca.

Cad eile atá sa bhosca?
Tá liathróid sa bhosca.

# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?




# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Cluiche Kim: Cad atá sa bhosca?



# Dul Siar: Cad atá sa bhosca?

Cluiche: Cad atá sa bhosca? (Nó cad atá sa mhála?)
Cuir lámh isteach
Pioc amach ....
Sin _____________,
Tá sé ______________




Cuir bréagáin bheaga nó pictiúir bheaga de chóin, pónaireáin, fonsaí, liathróidí, agus raicéid isteach sa bhosca. Iarr ar dhuine amháin teacht anuas, a shúile a dhúnadh agus rud amháin a phiocadh amach. Beidh orthu an rann a rá ag an am céanna agus an pictiúr nó rud a ainmniú.

Is pónaireán é!
Ní cón é! (Crith do cheann)
Is raicéad é! Raicéad leadóige!

Cad atá sa bhosca?
Tá an ceart ar fad agat,
tá cón sa bhosca

Nod Gramadaí don Mhúinteoir maidir le hInsnce na nAinmfhocal.

liathróid
(bain) Is ___ í

fonsa, cón, bosca, raicéad, pónaireán, mála
(fir) Is ____ é.

# Gníomhamhrán - Taobh le chéile

Taobh le chéile deas

Taobh le chéile clé

Taobh le chéile deas is clé

Taobh le chéile chéile (x2)

La la la la la la la

La la la la la la (x2)



Spreag an Ghaeilge le Spraoi (COGG)
https://www.youtube.com/watch?v=R3w4M5TeTd4

# Gníomhamhrán – Taobh le chéile




Spreag an Ghaeilge le Spraoi (COGG)
https://www.youtube.com/watch?v=R3w4M5TeTd4

# Gníomhamhrán: Tá mé ag siúl (Briathra)



Úsáid geaitsí chun an t-amhrán seo a mhúineadh.



Tá mé ag siúl,
Tá mé ag siúl,
Hé hó mo Dhaidí ó
Tá mé ag siúl

Tá mé ag léim
Tá mé ag léim
Hé hó mo Dhaidí ó
Tá mé ag rith

Tá mé ag rith
Tá mé ag rith
Hé hó mo Dhaidí ó
Tá mé ag rith

Tá mé ag scipeáil
Tá mé ag scipeáil
Hé hó mo Dhaidí ó
Tá mé ag scipeáil

(Bróga Nua - lch 21)



Cantar an t-amhrán seo le fonn 'Tá teidí ag siúl' nó 'The Farmer in the Dell'



**Imreoimid 3 chluiche téamh suas sa halla mar chuid den Ionchur Teanga sula dtosaíonn an gníomh treodóireachta. Míneofar na cluichí ar Shleamhnáin 23 go 29.**

Cluiche 1. Lean na treoracha

Cluiche 2: Cluiche Teanga: An Bhfuil Sé?
(mar fhorbairt ar cheacht 1 le hathruithe chun leanúachas a chur chun cinn)

Cluiche 3 : Beir Greim Air
(Féach Aguisín 2 - Lch 16 – Gluais go Maith Gluais go Minic)



# Cluiche 1:Lean na Treoracha

Mínigh go gciallaíonn XXX barr an tseomra.
Cuir an comhartha XXX ag barr an tseomra.
Cuir na páistí ina suí ag bun an tseomra.
Iarr ar na paistí siúl leat go barr an tseomra agus siúl ar ais go dtí an túsphointe ag bun an tseomra. Úsáid na téarmaí ar aghaidh agus siar.
Tabhair treoracha éagsúla ag na páistí mar atá léirithe thíos.




Suígí síos ag an túsphointe ag bun an halla/tseomra

Léimigí ar aghaidh go barr an halla, rithigí siar go bun an halla.

Rithigí ar aghaidh go barr an halla, siúlaigí siar go bun an halla

# Cluiche Teanga: An bhfuil sé?

(Mar fhorbairt ar cheacht 1 le hathruithe chun leanúachas a chur chun cinn)

Céim 1: Léirigh na dathanna dearg, oráiste, buí, glas agus gorm le fíor rudaí m.sh. cóin, liathróidí, spotaí, pónaireáin srl. Lorg athrá m.sh. "Tá sé dearg … Abair é! Tá sé buí…Abair é!"

Cuir na spotaí nó cóin i mbosca agus tóg ceann amháin amach agus cuir an cheist "Cad atá sa bhosca?" Lorg freagra ó na páistí agus déan neart athrá.

Taispeáin rud buí agus abair "An bhfuil sé gorm?" Léirigh ordóg suas agus ordóg síos; Abair "níl sé gorm" le hordóg síos. Déan neart samplaí mar seo.




# Cluiche Teanga: An bhfuil sé?

Céim 1: Léirigh na dathanna dearg, oráiste, buí, glas, corcra agus gorm le fíor rudaí m.sh. cóin, liathróidí, pónaireáin srl. Lorg athrá m.sh. "Is liathróid í - Tá sé dearg ... Abair é! Is liathróid í - Tá sé dearg...Abair é!" Cuir na spotaí nó cóin i mála nó i mbosca agus tóg ceann amháin amach agus cuir an cheist "Cén dath atá air?" Lorg freagra ó na páistí agus déan neart athrá. Taispeáin rud dearg agus abair "An bhfuil sé gorm?" Léirigh ordóg suas agus ordóg síos; Abair "Níl sé gorm." le hordóg síos. Déan neart samplaí mar seo.

Céim 2: Leag amach dhá phíosa trealaimh m.sh liathróid agus pónaireán. Liathróid agus pónaireán dearg ar chlé agus liathróid agus pónaireáin glas ar dheis. Léirigh agus abair "Liathróid dhearg ..... rithigí ar chlé", "Pónaireán glas ... rithigí ar dheis". Féach an leanann na páistí an treoir. Is féidir na ceithre dhath eile a úsáid - oráiste, corcra, buí agus gorm. Freisin is féidir níos mó trealaimh a chur amach".



ar chlé



ar dheis

ar dheis

ar chlé

XXX

Cluiche Teanga: Beir Greim Air

Seiceáil: Ar mhúin mé an dán 'Cad atá sa bhosca' leis na páistí cheana?

An bhfhuil na focail cón, pónaireán, liathróid, raicéad leadóige, fonsa agus bosca acu?

Modheolaíocht: Cuir ceathrar páistí ag barr an halla. Cuir i líne iad. Cuir an liathróid ag bun an halla. Abair an focal "liathróid". Ar chomhartha m.sh. feadóg, ritheann gach duine den cheathrar síos go bun an halla, faigheann siad an liathróid agus filleann siad ar ais go barr an halla.

Céim 1: Cuir na páistí ina ngrúpaí de cheathrar. Cuir roinnt den trealamh ag bun an halla – cóin, fonsaí, liathróidí, pónaireáin, boscaí agus raicéid. Cinntigh go bhfuil dóthain trealaimh ann ionas go mbeidh gach ball de na grúpaí in ann píosa amháin de gach cinéal trealaimh a fháil. Abair "Fonsa". Ar chomhartha m.sh. feadóg, ritheann an chéad páiste amach, faigheann sé/sí an fonsa agus filleann sé/sí ar an ngrúpa. Ansin abair "Cón" – nuair a leagann an chéad páiste an píosa trealaimh ar an talamh go réidh tá cead ag an dara páiste rith agus an dara píosa trealaimh a fháil. Lean ar aghaidh mar seo go dtí go mbeidh píosa amháin de gach cineál trealaimh ag gach grúpa. Beidh an bua ag an bhfoireann a bhfuil gach píosa acu ar dtús.

Céim 2: Imir an cluiche céanna le treoracha eile m.sh. "Léimigí..... siúlaigí ...scipeálaigí." Déan na treoracha a léiriú do na páistí i gcónaí.

Éagsúlachtaí:

Bain úsáid as trealamh amháin agus roinnt dathanna den phíosa sin m.sh cón dearg, cón gorm, cón corcra, cón buí agus iarr ar na páistí an dath ceart a fháil.







Gluais go Maith Gluais go Minic Lch 16


## Cluiche Teanga: Beir Greim Air (Céim 3)

Céim 3: Leag amach cón/spota dearg ar chlé agus cón/spota gorm ar dheis. Léirigh agus abair “Dearg ..... rithigí ar chlé”, “Gorm ... rithigí ar dheis”. Abair “dearg – rithigí”. Féach an leanann na páistí an treoir. Is féidir na trí dhath eile a úsáid – oráiste, buí agus glas. Freisin, is féidir spota oráiste a chur chun tosaigh agus a rá le mím “Oráiste – Rithigí chun tosaigh”.

Forbairt/Difreálú: Cuir na spotaí in áiteanna difriúla san halla m.sh. barr, bun, lár agus cúinní an halla. Cuir ceist le mím. “An féidir leat rith go dtí an spota dearg?” Déan an gníomh agus abair “Is féidir liom. Tá mé ag rith.” Spreag na páistí chun rith go dtí an spota dearg agus lorg athrá. Cuir ceist eile “An féidir leat siúl go dtí an spota gorm?” Déan mím agus abair “Is féidir liom. Tá mé ag siúl.” Lean ar aghaidh le ceisteanna, mím, gníomh agus athrá mar seo.


“Is féidir liom. Tá mé ag siúl.”





# An Gníomhaíocht Treodóireachta: Leagan Amach

Léiríonn na sleamhnáin XXX go XXX leagan amach an ghníomhaíocht treodóireachta.




<u>Ullmhúchán do Threodóireacht Ghrianghraif</u>

Déan na sé phictiúr den trealamh atá ar fáil sna sleamhnáin seo a íoslódáil.

Déan ceithre chóip de gach ceann acu. Lannaigh iad.


Cuir gach sraith pictiúr i mbosca m.sh. Cuir na pictiúir de na cóin sa bhosca céanna. (Greamaigh an pictiúr den chón taobh amuigh den bhosca sin ionas gur féidir le páistí na pictiúir a chur ar ais níos éasca.)



Déan an phríomhchárta (cárta an mhúinteora) a phriontáil le dathanna (Lch 11) Ní mór duit cárta A3 a phriontáil.

Cuir pota crián in aice le gach rud - déan tagairt don phríomhchárta rialúcháin m.sh. má tá bosca glas faoin bpónaireán, bí cinnte go gcuirtear crián glas in aice leis an bpónaireán.

Is féidir an halla a roinnt i ndá leath má tá grúpa mór agat.




Treodóireacht Ghrianghraif é seo. Téann na páistí ón túsphointe ag bun an tseomra go dtí píosa trealaimh amháin agus ar ais gach uair. Bíonn cárta amháin ó bhosca acu ag an am.

Túsphointe




Tá 4 chárta le pictiúr d'fhonsa sa bhosca seo.
















1. Timpeall an halla, bíonn an rud le haimsiú, mar shampla cón, agus criáin in aice leis. Déan cinnte go bhfuil an dath ceart san áit cheart, de réir cárta na bhfreagraí.








# An Gníomhaíocht Treodóireachta



# Treodóireacht Ghrianghraif – Cártaí rialacháin a thaispeáint & a mhíniú

Taispeáin na cártaí rialacháin (cárta an pháiste) do na páistí – "Seo na cártaí rialúcháin"

Taispeáin an príomhchárta (cárta an mhúinteora) don rang. (Is féidir leat é seo a phriontáil mar phóstaer – Lch 10) – "Seo mo chárta mór"

Ainmnigh an trealamh (pónaireán, liathróid, fonsa, bosca, cón, raicéad)

Léirigh na pictiúir do na páistí agus labhair fúthu. Ainmnigh an trealamh "Cad é/ í seo? Is pónaireán é, Is liathróid í, Is fonsa é, Is bosca é, Is cón é, Is raicéad é" – Déan é seo cúpla uaire.

Bíodh na píosaí trealaimh (liathróid, fonsa srl) ar lámh agat agus taispeáin do na daltaí iad. Ardaigh an trealamh ceann ar cheann. Cuir an cheist cúpla uair. "Cad é/ í seo? Is pónaireán é, Is fonsa é srl."

Taispeáin na sé bhosca de na pictiúir do na páistí agus déan cinnte go bhfuil grianghraif de na píosaí trealaimh greamaithe de na boscaí (pictiúr de liathróid ar an mbosca ina bhfuil na pictiúir de na liathróidí).

Déan plé ar an áit a bhfuil an trealamh (pónaireán, bosca, liathróid) timpeall an halla. Cuir ceist ar na daltaí a méara a dhíriú ar an trealamh agus tú ag ceistiú "Taispeáin dom an liathróid. Taispeáin dom an pónaireán."

Cad é seo?


Is fonsa é.


Taispeáin dom an fonsa.



Seo na cártaí rialacháin. Seo do chárta beag.

Seo mo chárta mór



# Treodóireacht Ghrianghraif - Céim 1

"Anois a pháistí, táimid chun cluiche a imirt, Féach ormsa anois!"

Tóg cárta ó bhosca, m.sh ponaireán. Cuir ceist ar na páistí; Cad é seo? Is pónaireán é"

Ar chomhartha ar leith, m.sh. Feadóg, léirigh do na páistí conas siúl agus seasamh in aice leis an bpónaireán "Anois, táimid chun siúl go dtí an pónaireán."

Léirigh do na páistí conas filleadh ar ais go dtí an túsphointe. "Anois, táimid chun siúl ar ais go dtí an túsphointe ag bun an halla."

Déan na treoracha a léiriú arís agus arís eile go dtí go bhfuil tuiscint ag na páistí.

Léirigh do na páistí conas an pictiúr a chur ar ais go cúramach sa bhosca ceart agus ceann eile a thógáil. Cuir na paistí ag obair i mbeirteanna. Tabhair pictiúr do gach beirt.


"Beidh x ag obair le y, seo bhur bpictiúr. Cad é? Iontach, is _________ é/ í."

Iarr orthu siúl thart le himeall an halla. "Anois a pháistí, siúlaigí timpeall an halla le chéile."

Ar chomhartha ar leith, mar shampla feadóg, siúlann na páistí agus seasann siad in aice leis an bpónaireán/liathróid/bhfonsa/mbosca/gcón/raicéad leadóige. Déanann siad pictiúr a chéile a sheiceáil. Ar an gcéad chomhartha eile, cuireann siad an cárta ar ais sa bhosca ceart.

Tabhair deis do na páistí an cluiche thuas a imirt arís is arís eile go dtí go bhfuil tuiscint ar na treoracha léirithe acu.

"Féach ormsa. Cad é seo? Is pónaireán é. Anois, táimid chun siúl go dtí an pónaireán."



# Treodóireacht Ghrianghraif – Céim 2

"Anois a pháistí, táimid chun cluiche eile a imirt. Féach ormsa anois"

Taispeáin an cárta rialacháin do na páistí "Tá mo chárta rialacháin agam."

Pioc suas pictiúr den liathróid agus taispeáin do na páistí é. "Cad é? Is liathróid í"

Siúlfaidh mé go dtí an liathróid leis na páistí. "Siúil liom go dtí an liathróid."

Léirigh do na páistí conas an bosca faoin liathróid a dhathú leis an gcrián oráiste.

"Féachaigí tá crián oráiste sa bhosca in aice leis an liathróid. Táim chun an bosca faoin liathróid ar an gcárta a dhathú leis an gcrián oráiste."

Léirigh do na daltaí conas an crián a chur ar ais. "Anois, a pháistí, tá orm an crián a chur ar ais sa bhosca."

Léirigh do na páistí conas filleadh ar ais go dtí an túsphointe. "Anois, táimid chun siúl ar ais go dtí an túsphointe ag bun an halla."

Léirigh do na páistí conas an pictiúr a chur ar ais go cúramach sa bhosca ceart agus ceann eile a thógáil. "Cuir an pictiúr (den liathróid) ar ais sa bhosca ar a bhfuil an pictiúr den liathróid."

Bog ar aghaidh go dtí an chéad bosca eile (pónaireán, cón srl) agus tóg cárta eile. "Táim chun pictiúr eile a thógáil."

Déan na treoracha a léiriú arís agus arís eile go dtí go bhfuil tuiscint ag na páistí.

"Féachaigí, tá crián oráiste sa bhosca in aice leis an liathróid. Táim chun an bosca faoin liathróid ar an gcárta a dhathú leis an gcrián oráiste."



# Treodóireacht Ghrianghraif - Céim 3


"Tá oraibh na boscaí cearta a dhathú."

Anois tá na páistí réidh chun an ghníomhaíocht a dhéanamh.

Bíodh na páistí go léir ina suí ag an túsphointe ag bun an halla. Tabhair cárta rialúcháin agus pictiúr do gach beirt.
"Seo bhur gcártaí a pháistí. Cad é? Is liathróid í. Siúlaigí go dtí an liathróid."

- Siúlann na páistí chuig an rud atá léirithe ar a bpictiúir.
- Cuireann siad dath ar an mbosca ceart "Tá oraibh na boscaí cearta a dhathú."
- Cuireann siad an crián/pictiúr ar ais. "Cuirigí an crián/pictiúr ar ais sa bhosca"
- Téann siad ar ais go dtí an túsphointe ag bun an halla "Téigí ar ais go dtí an túsphointe nuair atá sibh críochnaithe"
- Roghnaíonn siad ceann eile iad féin. "Tógaigí pictiúr eile as an gcéad bosca eile"


Déanann siad an ghníomhaíocht arís agus arís eile go dtí go mbíonn na boscaí go léir daite.



Seiceálfaidh mé do fhreagraí. Maith thú! An-mhaith!




Seo na freagraí cearta.





Déanaigí 6 chóip.    (Mar shampla cuir 6 phictiúr den chón i mbosca amháin)















# Cárta Mór an Mhúinteora

|  |  |  |  |  |  |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| **Ainm:** | | | | | |

# Treimhse Iarghníomhaíochta: Fuarú

Nuair atá gach duine críochnaithe déan gníomhaíocht iaraclaíochta (fuaraithe) leis na páistí, seo samplaí:

https://pssi.pdst.ie/pdf/gen/gen_2_cooldown.pdf

Seal Fuaraithe: Síntí coirp

- Análaíonn na páistí isteach ag síneadh go leathan, análaíonn siad amach go mall fad is a íslíonn siad na lámha.
- Déan arís é ag síneadh go hard
- Cuir i gcuimhne dóibh análú isteach agus análú amach go mall.

https://www.youtube.com/watch?v=kxPxkZLBhwM



# Treimhse Iarchumarsáide: Athneartú

Is féidir athneartú a dhéanamh ar theanga nua an cheachta seo ag baint úsáid as na straitéisí céanna - rann, amhrán, dán agus cluiche teanga arís agus arís eile.

Is féidir na scéalta thíos a léamh agus a athléamh i rith na seachtaine:

Is Maith Liom - https://www.seideansi.ie/dep/files/connacht/Is_maith_liom.html

